COMHCHOISTE GHAELTACHT UÍBH RÁTHAIGH

NUACHTLITIR NA NOLLAG 2015

Nóta ón gCathaoirleach

Thar cheann stiúrthóirí agus foireann an Chomhchoiste ba mhaith liom ár mbeannachtaí don Nollag agus don bhliain nua a ghuí oraibh. Bhí bliain suimiúil, dúshlánach go pointe, ach torthúil go maith againn agus tá cur síos cuimsitheach le fáil mar gheall ar mhéid a bhí idir lámha again le dhá mhí déag anuas sa nuachtlitir seo. Táimid buíoch don bpobal áitiúil a thacaíonn linn i gcónaí – gan bhúr inchur, bhúr éileamh ar ár seirbhísí agus gan sibh a bheith sásta i gcónaí a bheith páirteach go gníomhach, ní bheadh aon Chomhchoiste ann!

Season's Greetings from all in the Comhchoiste! We hope you enjoy reading up about what we have been doing over the past year – while it was challenging enough in ways, the year brought many successes too. Thanks a million for your continued support – "Ar scáth a chéile a mhairimíd in Uíbh Ráthach"!

Micheál Ó Braonáin
Cathaoirleach

Buaicphointí na Bliana

- Dhá ghradam buaite i gComórtas Ghlóir na nGael – Duais Fiontraíochta & Duais an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta. Dhein Micheál Ó Braonáin agus Seán Ó Gealbháin ionadaíocht ar son an choiste ag an searmanas i gCo na Mí i Mí Aibreáin

- Comhchoiste roghnaithe ag "The Kerryman" mar ionadaí ar son Chiarraí sa chomórtas "Get Involved 2015" atá eagraithe ag na nuachtáin réigiúnda agus SEAI

GET INVOLVED
Your Local Newspaper Community Project 2015

- Trí mhír oibre na heagraíochta (seirbhísí shóisialta, Irish Language Holidays & An Siopa Feirme) imithe go dtí an tarna chéim i gcomórtas "Dairy Master Rural Innovation Awards". B'é seo an chéad uair go rabhamar páirteach sa chomórtas seo
- Irish Language Holidays ainmnithe mar cheann des na rudaí is fearr atá le déanamh ar Ireland's Wild Atlantic Way; is féidir an físeán a deineadh a fheiscint tríd an nasc seo https://vimeo.com/137381854
- An Siopa Feirme oscailte le haghaidh gnótha Lá Bealtaine

- Madeleine Nic Giolla Phádraig urraithe againn agus i ag glacadh páirte i gcomórtas Rós Chiarraí.

Stiúrthóirí an Chomhchoiste

Micheál Ó Braonáin (Cathaoirleach), Clíona Ní Bhraonáin (Rúnaí), Eibhlín Mhic Giolla Phádraig, Seán Ó Gealbháin, Brian Ó Riordáin, Pádraig Mac Eabhróid, Máiréad de Brún, Seosamh Ó Mórdha

Foireann na hOifige

Cian Ó hAileasa (TÚS), Pádraig Ó Braonáin (SFP), Diarmuid Ó Sé (SST), Michelle Uí Shúilleabháin (CSP), Aine Uí Bheoláin, Suzanne Ní Laoire, Caitlín Breathnach (Bainisteoir)

Cúrsaí Oiliúna

Bliain an-ghnóthach a bhí ann le cúrsaí éagsúla ar siúl againn ó cheann ceann na bliana, ina measc:

- Healthcare Support - tá 18 páirteach ar an gcúrsa seo faoi láthair a thugann cáilíocht aitheanta go náisiúnta agus go hidir náisiúnta dóibh a ligeann dóibh obair a fháil mar Care Assistants. *We are grateful to Kerry ETB who fund this internationally recognised qualification under the BTEI scheme, and many congratulations to the current group who are within sight of completing their QQI Level 5 Major Award!*
- Spraying - tá dualgas anois ar fheirmeoirí agus daoine eile cáilíocht a bhaint amach in úsáid feithidnimh agus tá 107 daoine i ndiaidh an cúrsa seo a dhéanamh linn i rith na bliana. A total of 107 people have undertaken *Knapsack and Boom Spraying courses with us during the year, enabling them to meet the requirements of the Sustainable Use Directive which applies to farmers and other professional pesticide users.*
- Ríomhairí - le tacaíocht ón scéim BenefIT 4 ghlac 24 páirt i ranganna bunúsacha ríomhaireachta ag tús na bliana. Comh maith leis sin, bhí 15 páirteach i rang speisialta ríomhaireachta do fheirmeoirí le tacaíocht ó Teagasc agus Kerry ETB. *Basic computers and computers for farmers were held in the early part of the year, and were well supported.*
- SafePass - ritheamar cúrsa SafePass do 63 i rith na bliana, agus ceann amháin eile á phleanáil againn do Mí Eanáir 2016
- Wild Atlantic Way - tá cúrsa trí lá ar siúl faoi láthair dírithe ar ghnónna turasóireachta an cheantair, urraithe ag Údarás na Gaeltachta. *A group of 12 tourism providers are just completing a 3 day course funded by Údarás na Gaeltachta on developing products which give the tourist an opportunity to experience an activity or attraction along the Wild Atlantic Way.*
- Low Level Walks - cúrsa deireadh seachtaine a bhí i gceist anseo do 11 a bhí ar siúl i Mí Eanáir, rud a bhí eagraithe i gcomhair le SKDP. *Completion of this course allows participants to guide groups on low level walking tours.*

An Siopa Feirme – The Farm Shop, Waterville

Ar Lá Bealtaine, d'osclaíomar an Siopa Feirme ag bun an Choireáin, san áit ina mbíodh an siopa búistéara ag Séamus Ó Muircheartaigh tráth. B'í Kim Elliot a tháinig aníos leis an gcoinceap seo tar éis di freastal ar chúrsa i bhForbairt Bídh a d'eagraigh Údaras na Gaeltachta agus an Comhchoiste i rith an Gheimhridh roimh ré.

D'oibrigh Kim mar bhainisteoir ar an dtionscnamh ar feadh sé mhí, lámh le Mattie Doody, Moire Collins O'Connor agus Lucia McGuirk, cúntóirí an tSiopa.

Tá 35 gnó ag soláthar don siopa go leanúnach anois, a bhformhór mór ó Uíbh Ráthach agus ó thuaidh chomh fada le Ciarraí Lár.

D'fhreastalaíomar ar Fhéile Bhia an Daingin i Mí Meán Fhómhair agus bhí seastán again ag Taste of Tralee in Ionad Siopadóireachta i Manor le linn na míosa céanna.

Tá Ciseáin na Nollag ar fáil faoi láthair ón tSiopa le togha agus rogha de shóláistí deasa ar fáil iontu – bronntanais álainn go háirithe do éinne de bhunaibh na háite atá as baile!

May Day was the first day of trading in An Siopa Feirme. The concept was imagined by Kim Elliot who worked as manager of the project for 6 months alongside Mattie, Lucia and Moire, our wonderful assistants! 35 growers and small producers now supply the shop and we were proud to bring food from Iveragh to the Dingle Food Festival and Taste of Tralee events in October. Christmas Hampers packed with goodies are now available from An Siopa Feirme – there's something there for everyone!

Forbairt na Fiontraíochta

Ceardlann do Tháirgeóirí Bídh

Arís i mbliana, le tacaíocht Údarás na Gaeltachta, ghlacamar páirt i Mí na Fiontraíochta a bhíonn eagraithe i Mí na Márta ar bhonn náisiúnta. Ar an 11/03/15 reachtálamar ceardlann do tháirgeoirí bídh le Ciarán O'Connor ó Bullseye Food Marketing, dírithe ar chabhair a thabhairt dos na rannpháirtithe eolas a fháil ar conas a gcuid táirgí a chur ar díol sna hollmhargaí náisiúnta. *This year's event for Enterprise Month focussed on helping small food producers break into the multiples with their produce.*

Blas na hEireann Awards

Ar an 25/05/15 tháinig Arty Clifford ón Daingean chun labhairt le táirgeóirí bídh na dúthaí seo i daobh comórtas Blas na hEireann agus conas a oibríonn an córas sin. *We hope to see more local food producers taking part in the Blas na hEireann awards in the coming years, gaining further recognition for the fantastic food products being produced in the area!*

Oifig Eolais VIP
Tá oifig eolais turasóireachta nó oscailte in oifig an Chomhchoiste le linn na bliana. Má theastaíonn ó ghnónna áitiúla go ndéanfaí bolscaireacht ar na himeachtaí turasóireachta atá á dhíol acu, beidh fáilte is fiche roimh a gcuid bróiséirí i gcónaí.

The FI Visitor Information Point at the Comhchoiste is open all year round and brochures from local tourism activity providers are always welcome.

Scéim Bhrúscair Uíbh Ráthaigh
Ar an bhfód ó 2006 tá an scéim seo ag déanamh go maith. Cé gur chríochnaigh sé suas i dhá cheantar i mbliana, tá sé ag freastal ar 5 cheantar fós. Tá na málaí donna ar fáil ar ¤5 an cheann agus na málaí athchúrsála ar €3.

The community waste management scheme operates in 5 localities now, having closed in two communities in recent months. Prepaid bags are available in local shops and centres.

Cuairteanna ó Ghrúpaí Pobail 2015
Bhí sé d'ádh againn gur tháinig ár gcomhleacaithe ó Ghaeltacht Mhuscraí agus ó Chlochán Bhréanainn ar chuairteanna lae chughainn i rith na bliana. Cé go bhfuil difríochtaí idir na ceantracha Gaeltachta éagsúla, tá go leor cosúlachtaí eadrainn agus is féidir linn mórán a fhoghlaim óna chéile freisin.

Taithí Oibre
I rith na bliana, d'fháiltaíomar roimh Grace Ní Chonchúir, Seán Ó Caoimh agus Siobhán Uí Shé a chaith tréimhsí taithí oibre óna gcúrsaí scoile agus iar scoile linn.

Laethannta Oscailte 2015
Bhí dhá lá oscailte againn i Mí na Márta, agus imeachtaí poiblí ar siúl againn go speisialta lena linn. Ar an 11/03/15 bhí an lá fíontraíochta againn agus ar an 12/03/15 dhein Paul O'Raw áisitheoireacht ar sheisiún do ionadaithe ós na pobail éagsúla mar gheall ar Men's Sheds.

In addition to these events, we were delighted to host a display of Equality Themed posters during our open days. These posters were designed by students from throughout the county and the display was provided by Kerry County Council and SKDP.

Cultúr & Oidhreacht

Éigse na Brideóige
"Creideamh agus Cré; Landscape and Belief" an téama a bhí ar an Éigse i mbliana le léachtaí, ceolchoirm, láinseáil leabhair agus turas seandálaíochta ar an gclár le linn na deireadh seachtaine.

Tá pleananna á chríochnú faoi láthair do Éigse 2016 (4 – 2 Feabhra), ag ceiliúradh Éirí Amach 2016 agus na nascanna a bhí ann le ceantar Uíbh Ráthaigh.

Don chéad uair riamh i mbliana, beidh an Éigse ag tosnú ar an oíche Déardaoin le drama agus beidh an tAire Joe McHugh in ár dteannta chun an féile a oscailt go hoifigiúil ar an Aoine. Beidh Joe Duffy (RTÉ), Tim Dennehy, Dr. Tim Horgan agus go leor eile i measc aoi chainteoirí na bliana seo.

The Éigse in February will focus on 1916, and will be held over four days for the first time ever. In 2015 the theme was "Creideamh agus Cré; Landscape and Belief" which drew large attendances at the various events.

Cultúr & Oidhreacht

Binneas
Tá Seán Garvey i mbun oibre le tamall mar amhránaí chónaitheach, maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta. Ritheann Seán an club amhránaíochta uair sa mhí i gCathair Saidhbhín, agus tugann sé cuairteanna rialta ar na bunscoileanna agus bíonn sé ag déanamh ceardlanna le grúpaí eile sa phobal.

Seán Garvey has been working on the Binneas project for a number of years, funded by Ealaín na Gaeltachta. He facilitates a monthly singing club, visits the national schools to teach songs and music to the children and also gives other workshops throughout the year.

Tá Peter Mullarkey i mbun taighde faoi láthair ar ábhar do eagrán a dó de "Amhráin Uíbh Ráthaigh" agus táimid ag súil go mbeidh an cnuasach seo á fhoilsiú i 2016.

Peter Mullarkey is working on a new edition of "Amhráin Uíbh Ráthaigh" and we look forward to it's publication during the coming year.

Oíche Cultúrtha & Ceolchoirmeacha
Tá sé mar nós sean bhunaithe againn ag an bpointe seo imeacht a eagrú do Oíche Chultúrtha náisiúnta a bhíonn ar siúl ag deireadh Mí Meán Fhómhair gach bliain. I mbliana, i gcomhar le CCE Barr na Sráide bhí ceolchoirm le Brendan O'Sullivan, Brian Galvin agus Líosa Murphy ar siúl againn in Ionad na Dromod, áit in ar ghlac baill óga an chraobh páirt i dtaispeántas na hoíche freisin.

Taking part in Culture Night is now an established part of the yearly calendar, and this year we collaborated with CCE Barr na Sráide to organise a concert in Cillín Liath.

Le linn na mbliana, chabhraigh Fíona de Buis linn chun dhá cheolchoirm eile a eagrú. Bhí Breanndán agus Bréanainn Ó Beaglaoich i mbun cheoil i gCathair Dónall i Mí Aibreáin agus siad Aine Uí Laoithe agus Eibhlín Ní Chearna na haoi cheoltóirí a bhí linn i gCillín Liath i Mí Meitheamh.

Tionscnamh Logainmneacha
D'éirigh linn deontas bheag a fháil ón gComhairle Oidhreachta i mbliana chun roinnt oibre a thosnú ar chaomhnú logainmneacha an cheantair. Tá obair saoil ó thaobh áitainmneacha de cnuasaithe ag an Dr Breandán Ó Ciobháin ó Chorca Dhuibhne, agus stór mhór ábhar ó Uíbh Ráthach ina measc. D'fhorbair Compass Informatics clár ríomhaireachta dúinn atá in oiriúint do chaomhnú an ábhair seo agus tá trialacha déanta ag Breandán air.

A start was made on preserving some of the wealth of placenames and associated folklore collected over many years in the area by Dr Breandán Ó Ciobháin from west Kerry. This work was undertaken with a grant awarded to us by the Heritage Council this year.

Bhí sé d'ádh againn freisin gur i mBaile 'n Sceilg a deineadh láinseáil náisiúnta ar chlár úr teilifíse "Logainm" ar an 14/09/15. Téann an clár seo amach gach Máirt ar TG4.

Staidéar Seandálaíochta
Le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chiarraí agus le cead Eoin Kiely, dhein Aegis Archaeology suirbhé ar shuíomh i gCill a Buaine, An Gleann dúinn i mbliana. Is léir on staidéar atá déanta go dáta gur suíomh fíor thábhachtach é seo agus tá gá le obair chaomhnaithe, cúramach a dhéanamh air chun é a choimeád slán don todhchaí.

With the help of the Community Support Fund of KCC and with the landowner's permission, a survey of monuments at Killaboonia was completed by Aegis Archaeology, on account of the imminent danger to the site from uncontrolled and deep-rooted vegetation.

Buíochas

Táimid buíoch dos na heagrais éagsúla a chabhraíonn linn go leanúnach, ina measc:

Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta,
Foras na Gaeilge, Pobal, SOLAS, HSE, Ealaín na Gaeltachta,
KCT, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Fáilte Éireann,
Comhairle Contae Chiarraí, Bórd Oiliúna & Traenála Chiarraí,
Roinn Oideachais & Scileanna, An Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha,
An Chomhairle Oidhreachta,
Community Foundation for Ireland, SKDP,
Iarnród Éireann, Glór na nGael, RTÉ Raidió na Gaeltachta,
Scoileanna Náisiúnta & Coláiste na Sceilge agus na Coistí Forbartha Pobail

An Bliain i bhFigiúirí 1/1/15-30/11/15

Líon turasanna déanta ag paisinéirí ar bhus an Chomhchoiste - 1,790
Béiltí ar Rothaí / Meals on Wheels - 3,479
Béiltí in Ionaid Lae / Meals in Centres - 1,723
Úsáid Níolainn / No of uses of laundry services - 919
Cuairteanna / Visits to elderly at home - 312
Ócáidí sa tSeomra Áise / events in Comhchoiste - 132

Scéimeanna Fostaíochta

Tá ceithre scéim fostaíochta pobail á láimhseáil faoi scáth an Chomhchoiste, i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta, Pobal agus An Roinn Coimirce Shóisialta

An Scéim Fostaíochta Pobail – Community Employment Scheme
Tá an scéim seo á reachtáil ag an Údaráis agus Solas i dteannta an Chomhchoiste. Sé Pádraig Ó Braonáin maor na scéime agus tá 19 ag obair leis faoi láthair. I measc na gcúramaí atá idir lámha ag na hoibrithe seo tá cothabháil áiseanna pobail (hallaí, páirceanna peile, ionad an bháid tárrthála srl), cúram faoisimh (Carer's Association), soláthar seirbhísí shóisialta (béiltí, córas iompair srl).

An Scéim Shóisialta Tuaithe – Rural Social Scheme
Tá an scéim seo á reachtáil ag an Údaráis agus Pobal i dteannta an Chomhchoiste. Sé Diarmuid Ó Sé maor na scéime agus tá 22 ag obair leis faoi láthair.

Tá daoine ón scéim seo lárnach i soláthar seirbhísí iompair agus seirbhí cúram na n-aosach freisin. Comh maith leis sin, tá foireann lonnaithe le Tógra Chill Rialaig, agus foireann cothabhála lonnaithe leis na gcoistí pobail éagsúla. Ceann des na cúramaí turasóireachta a bhíonn idir lámha ná cothabháil ar na lúb shiúlóidí.

TÚS
Cosúil leis an dá scéim eile, tá TÚS á reachtáil ag an Údaráis agus Pobal i dteannta an Chomhchoiste. Sé Cian Ó hAileasa maor na scéime do Ghaeltachtaí na Mumhan ar fad agus 21 ar an scéim aige, duine amháin ag obair faoi láthair in Uíbh Ráthach.

Clár Seirbhísí Pobail – Community Services Programme
Tá an scéim seo á reachtáil ag an gComhchoiste le tacaíocht ó Phobal. Sí Michelle Uí Shúilleabháin riarthóir na scéime agus tá 8 ag obair sa Dromod, i mBaile 'n Sceilg, An Gleann, Cathair Dónall. Cúramaí shóisialta agus tacaíochtaí éagsúla do dhaoine aosta atá idir lámha ag an bhfoireann seo.

Seirbhísí Shóisialta & Pobail

Tá réimse leathan seirbhísí shóisialta á sholáthar ag na coistí pobail sa cheantar le cabhair agus le tacaíocht ós na scéimeanna fostaíochta éagsúla – Clár Seirbhísí Pobail (CSP), An Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS), An Scéim Fostaíochta Pobail (CE) agus TÚS.

Community Care groups in the locality provide a wide range of essential services to people in their areas with the help and assistance of the various schemes – CSP, RSS, CE and TÚS.

Béiltí & Níolainn
Tá beiltí sna hionaid lae agus béiltí ar rothaí á chur ar fáil ag na coistí cúraim pobail éagsúla i mBaile 'n Sceilg, sa Ghleann, i gCathair Dónall, sa Choireán agus sa Dromod. Tá seirbhísí níocháin ar fáil sa Ghleann, i mBaile 'n Sceilg, sa Dromod agus sa Choireán.

Meals in the centres and meals on wheels are provided throughout the week in each of the communities. Information relating to daily services in each area is available on www.uibhrathach.ie

Seirbhísí Bus
Tá seirbhísí 5 lá á chur ar fáil go hOspidéal Naomh Áine i gCathair Saidhbhín comh maith le seirbhísí go dtí na hIonaid Lae i mBaile 'n Sceilg, An Gleann agus Cathair Dónall leis an dá bhus atá ar an mbóthar anois againn. Táimid in ann seirbhís a chur ar fáil do dhaoine aonair i gcásanna áirithe freisin, m.sh. dul go coinní ospidéil srl.

We provide daily services to the Day Hospital in Caherciveen from all over south Kerry as well as Day Centre services to Ballinskelligs, the Glen and Caherdaniel under contract from the HSE and the Department of Transport. The buses are also available for private hire to clients with mobility issues, eg. respite trips, appointments etc Insert pictures of meal preparation & laundry here.

Carer's Association
I gcomhar leis na scéimeanna tá seirbhís faoisimh ceithre uair a chloig sa tseachtain á sholáthar do 16 chlann sa cheantar ar bhonn leanúnach.

With help from the schemes, a home respite service is being provided to 16 families each week in our catchment whereby a qualified carer takes on the role of the family carer to give that person a break for a four hour period.

Emergency Respite Care
Fuaireamar deontas beag i mbliana ón Community Foundation for Ireland chun cabhair faoisimh éigeandála a chur ar fáil do roinnt teaghlaigh. Tá eolas ar fáil faoin scéim seo ón oifig nó ó do PHN.

The Community Foundation for Ireland have provided support for emergency respite care for family carer's in the area for the first time this year. It is intended that this support be used by carers who need cover while they are attending e.g. medical / dental appointments, family occasions etc.

Pleanáil Teanga & Tacaíochtaí Gaeilge

Cuairteanna Baile
Tá an scéim seo á chur ar fáil i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne, agus sí Madeleine Nic Giolla Phádraig an áisitheoir atá i mbun oibre air. Bíonn éileamh mhór i gcónaí air agus fuair an Comhchoiste allúntas 36 theaghlach don scoil bhliain 2015-2016 dos na cuairteanna baile seo.

Irish home visits provided in Munster are administered by Oidhreacht Chorca Dhuibhne, and Madeleine Nic Giolla Phádraig is the facilitator for this area. This year we have an allocation capable of meeting the needs of 36 families under this scheme.

Cúntóirí Teangan
Tá Bridie Uí Shúilleabháin agus Pádraigín Ní Shúilleabháin ag obair le OCD mar chúntóirí teangan sna scoileanna Gaeltachta sa cheantar seo. Cabhraíonn siad leis na leanaí leis an nGaeilge labhartha agus is áis iontach é seo do leanaí an cheantair chun breis cabhrach a fháil lena gcuid Gaeilge.

Bridie Uí Shúilleabháin and Pádraigín Ní Shúilleabháin are the Cúntóirí Teangan in the three Gaeltacht national schools. Their role centres around developing spoken Irish among the children and this gives wonderful supplementary support to those wishing to improve their Irish.

Dian chúrsa an Aonaid Lán Ghaeilge
D'fhreastal 25 coláire ó bhunscoileanna difriúla ar an gcúrsa seo i mBaile 'n Sceilg i Mí Lúnasa chun iad féin a ullmhú don mheán oideachas trí Ghaeilge. Foireann Choláiste na bhFiann a bhí i mbun teagaisc ar an gcúrsa seo.

25 pupils from different primary schools attended this preparatory course for new first year students of the Aonad Lán Gaeilge in Coláiste na Sceilge which was held in Ballinskelligs in August.

Cúrsa Ghaeilge do scoláirí 1ú & 2ú Bliain
Bhí 16 scoláire ag freastal ar an gcúrsa seachtaine seo dírithe ar an Ghaeilge labhartha a bhí ar siúl in Ionad Pobal na Faille Móire i Mí Iúil, agus b'í Gráinne Ní Laoithe a bhí i gceannas ar an gcúrsa seo le cabhair ó Mhaebh Ní Dhuinnín agus Trish Ní Shé. Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge a thacaigh leis an gcúrsa seo.

16 pupils from Junior Cycle in Coláiste na Sceilge attended a week long course in July which focussed on oral Irish skills. This course was run in Foilmore Community Centre and included a fantastic day of fun with Derrynane Sea Sports as well.

Saoire As Gaeilge – www.irishlanguageholidays.com
D'fhreastal 40 ar chúrsaí Gaeilge le linn an tsamhraidh linn idir chúrsa do dhaoine fásta agus an cúrsa do thuismitheoirí agus leanaí le chéile. Beidh cúrsa deireadh seachtaine ar siúl againn i Mí Feabhra, ag cur le réimse na gcúrsaí atá á chur ar an mhargadh againn.

The 2016 Parents & Children course will run from 16/07/16 to 22/07/16; for details of other courses see www.irishlanguageholidays.com

Cúrsaí Gaeilge i mBaile 'n Sceilg
Tá dhá chúrsa ar siúl faoi láthair i mBaile 'n Sceilg á theagasc ag Madeleine Nic Giolla Phádraig. *A complete beginners course and a conversational course are being run in Ballinskelligs at the moment* agus táimid buíoch do Údarás na Gaeltachta atá ag cabhrú linn chun iad a chur ar fáil don 18 rannpháirtí atá ag freastal orthu.

Don Dialann...Upcoming Events, Services & Activities

Folúntas ar CSP – Comhórdnóir Pobail páirt aimseartha (21.75 uair sa tseachtain) / Part time Community Co-ordinator á lorg i mBaile 'n Sceilg. Sprioc le haghaidh iarratais 23/12/15.

Have you been approved for GLAS? An bhfuil boscaí éin agus boscaí sciatháin leathair ag teastáil uait? Margadh maith ar fáil on bird and bat boxes to GLAS spec – déan teangmháil linn le haghaidh eolais!

Cúrsa SafePass – in Oifig an Chomhchoiste, Saturday 9 or 16 January (TBC). Déan teangmháil leis an oifig le haghaidh áirithintí.

Upcoming BTEI Courses - Infection Prevention and Control (QQI5) beginning on 11.01.16

Cúrsa Cócaireachta Le John Casey (QQI3/4) ag Tosnú i mí Eanair with support of Kerry ETB

Boom and Knapsack Spraying Courses – 26 Eanáir, 2 Feabhra agus 27 Eanáir, 3 Feabhra

Éigse na Brideóige 4 – 7 Feabhra, 2016

PLEANÁIL TEANGA – AN RÓD SEO ROMHAINN

G AN GHAELTACHT THE GAELTACHT

Ta roinnt mhaith dul chun cinn déanta ó thaobh an phróiséas pleanála teanga de ag an gComhchoiste, atá ceapaithe ina Ceanneagraíocht do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh. D'eagraíomar na cruinnithe feasachta seo a leanas le linn na bliana

- Cathair Dónall
- An Dromod
- Baile 'n Sceilg
- An Gleann

D'fhreastal 15 ionadaí ó 5 chlub CLG ar cheardlann "Turas Teanga" le Glór na nGael ar an 18/11/15 – dhein Caibriní de Barra agus Áine Seoige áisitheoireacht ar seo, agus bhí Rachel Ní Riada ann freisin ar son an Údaráis ar an oíche.

Ceann des an rudaí is suantaisí atá tárlaithe i mbliana ná go bhfuil Roinn na Gaeltachta tar éis glacadh leis go gcaithfear féachaint níos faide ná teorainn na Gaeltachta agus an plean don Ghaeilge don cheantar seo á fhorbairt ionas go mbeidh sé réadiúil. *As a result, the pockets of areas currently outside the official Gaeltacht boundary, including Waterville, will be taken into account as the plan is being put together, and supports required and demanded by the community will be available to people irrespective of their postal* address.

I Mí Eanair 2016, beidh an Dr Muiris Ó Laoire ó IT Trá Lí ag teacht ar bórd linn chun tacú linn mar phobal ag cur an plean Gaeilge seo le chéile. Táimid buíoch do Údarás na Gaeltachta, IT Trá Lí, Roinn na Gaeltachta, Glór na nGael agus Foras na Gaeilge atá ag tiomáint an phróiséis seo ar bhonn náisiúnta.

TÚS NUA...

Léiríonn an taighde is déanaí go bhfuil baol ann nach mairfidh an Ghaeilge beo i bhfad eile mar ghnáth theanga labhúil i measc an phobail sna ceantracha Gaeltachta ar fad.

Chun an Ghaeltacht agus an teanga a thabhairt slán, ní mór dírú láithreach ar dhearcadh déanfach a chothú, ar bhfacht sa teanga a fheabhsú, agus a chinntiú gur féidir an teanga a úsáid i ngach réimse de ghnáth-imeachtaí an lae.

Le tacháirt focin ndúshláin seo d'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis 20 *Bliain don Gaeilge 2010-2030* agus tháinig *Acht na Gaeltachta, 2012* i bhfeidhm.

Impleachtaí Acht na Gaeltachta, 2012

- Beidh dáilas Gaeltachta bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir gheografacha
- Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga (LPT) ainmnithe
- Éilíonn an tAcht go n-ullmhófar Plean Teanga do gach LPT
- Roghrófar Ceannaeagraíocht chun plean teanga a ullmhú don LPT laistigh de threimhse 2 bliain
- Beidh 7 mbliana ag an gCeannaeagraíocht chun an plean iomlán a fheidhmiú
- Féadfaidh an tAire ar Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta baile laistigh den LPT, nó taobh leis, a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Seo é an baile is mó a dhéanann freastal ar riachtanais ghnó agus seirbhísí poiblí an LPT. Beidh Ceannaeagraíocht le roghnú i ngach Baile Seirbhíse Gaeltachta chun plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú

A NEW ERA...

Recent research reveals that the future existence of the Irish language as a normal daily means of communication is in danger in all the Gaeltacht areas.

To ensure the survival of the language in the Gaeltacht areas, it is imperative that measures are taken to raise awareness, improve fluency and ensure that the language can be used in all everyday activities.

To address the issues, the Government published the *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030* and enacted the *Gaeltacht Act 2012*.

The Implications of the 2012 Gaeltacht Act

- In future, Gaeltacht status will be based on linguistic criteria rather than on geographical areas
- 26 Language Planning Areas (LPA) have been identified
- The Act requires that a language plan be prepared for each LPA
- A Lead Organisation will be selected to prepare a language plan for the LPA within a two year timeframe
- The agreed language plan will have a 7 year implementation period
- The Minister of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht may designate a town within or adjacent to the LPT to be a Gaeltacht Service Town. This will be the principal town which caters for the business requirements and community services of the people in the LPA. A Lead Organisation will be selected in each Gaeltacht Service Town to prepare and implement a language plan